Curaclam Thuaisceart Éireann

AN ÁIT A gCÓNAÍM

FUAIM AN CHEANTAIR

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go dtig fuaim a úsáid le taghd a chruthú.
- Bheith in ann fuaim a rangú.
- Cuid d'uraiceacht an cheoil agus an dóigh a n-úsáidtear sa chultúr s'againn í a thuiscint.
- Bheith in ann an ceol a chruthaigh siad a chaomhnú.

Gníomhaíochtaí Molta

Liostaigh agus taifead na fuaimeanna éagsúla a chluintear sa bhaile, sa cheantar nó sa phobal. Éist le agus aithin foinse na bhfuaimeanna a taifeadadh. Pléigh agus déan cinneadh ar an dóigh ar chóir na fuaimeanna seo a rangú, mar shampla, callánach/ciúin, ard/íseal agus gairid/fada. Déan aithris orthu le fuaimeanna béil agus coirp, mar shampla, cuimilt lámh nó greadadh cos. Úsáid uirlisí seomra ranga agus uirlisí fionnachtana le haithris na bhfuaimeanna seo a fhiosrú. Léirigh na fuaimeanna seo i líníochtaí.

Labhair ar thuras ceoil baile, ceantair nó pobail. Úsáid bogearraí TFC mar 'Compose World Junior' le patrún fuaime (scór) a chumadh nó a sheicheamhú leis an turas seo a léiriú agus déan taifead de.

Aimsigh amhráin a bhaineann leis an cheantar agus le ceoltóirí clúiteacha de chuid na háite. Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le ceol sa cheantar áitiúil a thaighde. Déan suirbhé na ngrúpaí agus na n-eagras éagsúla ceoil sa cheantar agus dearbhaigh an cineál ceoil is mó a bhfuil tóir air. Roghnaigh formáid oiriúnach leis na torthaí a thaifeadadh agus a láithriú.

Tabhair cuireadh chun na scoile do cheann de na grúpaí áitiúla ceoil lena lá oibre agus leis na scileanna agus cáilíochtaí a úsáideann siad a phlé.

Can amhráin na háite agus cum tionlacain shimplí.

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- obair chréleice;
- breathnú foirgneamh áitiúil;
- fuaimeanna sa cheantar;
- fuaimphictiúir;
- ceol sa cheantar;
- drámaíocht.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- eagrais agus seirbhísí sa phobal;
- daonlathas áitiúil;
- cultúir agus traidisiúin;
- fanacht sábháilte.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas;
- athrú le himeacht ama.

Corpoideachas

- treoleanúint i gceantar áitiúil;
- leanúint plean nó bealaigh shimplí;
- fanacht sláintiúil agus sábháilte.

FÓCAS

Is í an timpeallacht áitiúil atá a úsáid mar áis sa phlean teagaisc seo. Ligeann sí fiosruithe i gceisteanna áitiúla, san am a d'imigh agus anois, chomh maith le léargas ar an tionchar a oibríonn daoine daonna ar an timpeallacht fhisiciúil. Foghlaimíonn siad meas ar an difríocht agus ar thábhacht na comhthuisceana agus forbraíonn siad straitéisí dá sábháilteacht phearsanta féin.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

CAD IAD POINTÍ SUNTAIS NA hÁITE?

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go dtig le híomhánna déanamh ealaíne a mhúnlú.
- Bheith eolach ar cháilíochtaí réimse ábhar agus uirlisí le hidéanna a fhíorú.
- A thuiscint go dtig ábhair shomhúnlaithe a láimhsiú ar dhóigheanna éagsúla.
- Bheith in ann labhairt ar a gcuid oibre féin.

Gníomhaíochtaí Molta

Bailigh nó úsáid grianghraif dhigiteacha pointí áitiúla suntais (mar shampla, eaglaisí, túir, foirgnimh fheiceálacha) mar fhoinse d'obair chréleice. Úsáid rollóirí le créleaca ar comhthiús a dhéanamh agus bearr na himill le plaic a chruthú. Roll amach leac eile níos tanaí, agus ag úsáid na ngrianghraf mar thagairt, gearr amach cruthanna na bpointí suntais. Cuir an cruth rilífe leis an phlaic ag úsáid na teicníce cirte ceangail, scóráil, fliuchadh agus cumasc na n-imeall dá chéile. Cuir isteach na mionsonraí míne agus éifeachtaí uigeachta. Dathaigh le péinteanna póstaeir agus glónraigh le cumhdach gliú APV. Labhair faoin obair agus an dóigh a ndearnadh í, ag plé deacrachtaí a d'éirigh agus an dóigh ar sáraíodh iad.

Taifead an próiseas lena ndearnadh é, mar shampla, mar shreabhléaráid, scríbhneoireacht ghnásúil nó léaráid lipéadaithe.

Athbhreithnigh na píosaí críochnaithe agus cuir i comparáid na héifeachtaí uigeachta a fuarthas le greanadh agus brú anuas ar an chré, ag aithint achar ar éirigh go han-mhaith leo.

SCÉALTA AGUS TUAIRIMÍ ÁITIÚLA (DRÁMAÍOCHT)

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann clár nuachta ranga a struchtúrú agus a láithriú.
- Bheith feasach do roinnt teicnící agallaimh.
- Bheith eolach ar an dóigh le formáid agus áiseanna a úsáid atá oiriúnach le láithriú sna meáin.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh agus liostaigh na daoine a chastar ó am go ham orainn agus a labhraímid leo ar an bhealach chun na scoile. B'fhéidir go mbeadh tuismitheoirí i gceist, seantuismitheoirí, cairde, maor scoile, airíoch scoile, múinteoir, maoirseoir bialainne nó cúntóir siopa.

Déan taighde ar scéal áitiúil nó ceap scéal samhlaíoch. Roghnaigh leathanach tosaigh nuachtáin a tháirgeadh nó físeán do chlár nua.

I gcomhair clár nuachta, amharc ar chláir áitiúla agus réigiúnacha nuachta le hidéanna ar struchtúr agus láithriú a fhorbairt. Fiosraigh nuachtáin nó irisí a lorg scéalta, stíle agus ábhair atá iontu. Socraigh ar na róil sa ghrúpa, mar shampla, láithreoirí, agallóirí agus agallaithe. Ceap scéal, mar shampla, 'Crannchur Bainte ag Maor Scoile', 'Ardú ar Luach Ticéad Dinnéir', 'Peileadóir Clúiteach ar Cuairt sa Scoil', 'Popíol Bainte ag Dalta'. Faigh píosaí scannáin nó úsáid íomhánna ó nuachtáin ar an idirlíon. Scríobh ceannlíne agus tabhair i láthair an clár ag úsáid ceoil nó éifeachtaí fuaime. Struchtúraigh an scéal le hagallamh. Cuir ann tuairiscí spóirt agus aimsire na háite (le frapaí). Críochnaigh an clár le ceol nó éifeachtaí fuaime. Cuir i láthair an ranga agus measúnaigh é.

Déan eagarthóireacht mar is oiriúnach agus láithrigh an clár ar shuíomh gréasáin na scoile.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

AN ÁIT A gCÓNAÍM

FIOSRAIGH DÓIGHEANNA LE FANACHT SÁBHÁILTE

Rúin Mholta Foghlama

- Cuid de na contúirtí a bhíonn de nádúr i gcásanna áirithe a thuiscint.
- Cuid d'iarmhairtí gníomhartha a thuiscint.
- Bheith eolach ar chuid de na gnáthaimh is gá i gcás éigeandála.

Gníomhaíochtaí Molta

Aithin contúirtí a bhaineann lenár saol laethúil, mar shábháilteacht ar na bóithre, sábháilteacht timpeall an tí, cásanna nó iompraíochtaí contúirteacha. Líon amach cuntas seachtainiúil gníomhartha agus cásanna. Ag deireadh na seachtaine, athbhreithnigh an cuntas agus dathchódaigh cásanna nó gníomhartha inarbh fhéidir gur cuireadh sábháilteacht phearsanta i gcontúirt (Dearg=Ardchontúirt, Glas=Ísealchontúirt). Smaoinigh ar dhóigheanna leis an chontúirt a laghdú agus críochnaigh an abairt 'Dóigh amháin a dtiocfadh liom fíorchontúirt do mo shábháilteacht nó mo shláinte a laghdú…'. In Am Ciorcail, pléigh cé chuige a rachfá dá mbeadh cuidiú uait, nó dá mothófá i gcontúirt.

Úsáid bogearraí TFC mar 'Textease' le bileog 'Éirigh Níos Sábháilte' a chruthú do pháistí níos óige le treoirlínte ar fhanacht sábháilte in áiteanna agus i gcásanna éagsúla, mar shampla, sa bhaile, ar scoil, ar an bhóthar, ar an idirlíon nó in aice uisce. Déan rólghlacadh ar chásanna féideartha contúirte, mar shampla, sa bhaile (ar an idirlíon), ar scoil (sa chlós súgartha) nó amuigh (ar bhóithre). Úsáid deirí éagsúla le hiarmhairtí cinntí a rinneadh a léiriú.

Iarr ar oifigeach sábháilteachta ar bhóithre labhairt leis an rang agus scileanna coisí, paisinéara agus rothaíochta a léiriú.

Cruthaigh agus úsáid bileog bailithe sonraí le suirbhé a dhéanamh timpeall an cheantair áitiúil agus aithin na comharthaí agus marcanna bóthair is coitianta agus pléigh an dóigh a ndéantar 'bainistiú' ar an trácht. Tarraing líne chontúirte (ard agus íseal) agus léigh cnámhscéalta ábhartha ceann i ndiaidh ceann eile. Seas ar an líne san áit a léiríonn chomh contúirteach agus a shíleann tú atá an cás.

Lean an gnáthamh ceart le glao éigeandála a dhéanamh. Leag béim ar a thábhachtaí atá sé gan glao bréige a dhéanamh in am ar bith.

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- obair chréleice;
- breathnú foirgneamh áitiúil;
- fuaimeanna sa cheantar;
- fuaimphictiúir;
- ceol sa cheantar;
- drámaíocht.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- eagrais agus seirbhísí sa phobal;
- daonlathas áitiúil;
- cultúir agus traidisiúin;
- fanacht sábháilte.fe.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas;
- athrú le himeacht ama.

Corpoideachas

- treoleanúint i gceantar áitiúil;
- leanúint plean nó bealaigh shimplí;
- fanacht sláintiúil agus sábháilte.

FÓCAS

Is í an timpeallacht áitiúil atá a úsáid mar áis sa phlean teagaisc seo. Ligeann sí fiosruithe i gceisteanna áitiúla, san am a d'imigh agus anois, chomh maith le léargas ar an tionchar a oibríonn daoine daonna ar an timpeallacht fhisiciúil. Foghlaimíonn siad meas ar an difríocht agus ar thábhacht na comhthuisceana agus forbraíonn siad straitéisí dá sábháilteacht phearsanta féin.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

SEIRBHÍSÍ AGUS EAGRAIS PHOBAIL

Rúin Mholta Foghlama

- An gá atá le hilchineálacht seirbhísí sa phobal a thuiscint.
- A thuiscint go dteastaíonn scileanna agus manaí éagsúla do phoist éagsúla.

Gníomhaíochtaí Molta

Dianscrúdaigh agus pléigh réimse eagras agus seirbhísí a sholáthraíonn cuidiú, tacaíocht agus comhairle do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do ghrúpaí sa phobal. Rangaigh iad ina seirbhísí agus ina n-eagrais tacaíochta.

Iarr ar ionadaithe ó sheirbhísí áitiúla, nó ina áit sin, tabhair cuairt ar sheirbhísí mar na péas, na seirbhísí dóiteáin agus otharchairr le labhairt ar an dóigh a dtig leo cuidiú le daoine agus ar an tacaíocht a thairgeann siad.

Déan taighde nó iarr ar bhaill eagras mar 'NSPCA', 'RNIB', 'RNLI' nó grúpaí oiriúnacha crábhaidh le labhairt ar an ról atá acu sa phobal.

Déan taighde ar an irdirlíon, bailigh ailt nuachtáin agus tóg grianghraif le leabhrán ar sheirbhís roghnaithe nó ar eagras a chuidíonn leo a dhearadh agus a ullmhú. Liostaigh an cineál cáilíochtaí agus scileanna a theastaíonn le post sa tseirbhís roghnaithe nó san eagras a dhéanamh le rath.

Cruthaigh taispeántas pictiúr, grianghraf, duilleog nó litríochta ar ilchineálacht na seirbhísí agus na n-eagras a chuidíonn linn. Úsáid eochairfhocail agus eochairfhrásaí le cur timpeall an taispeántais, mar shampla, freagrach, cúramach, dírithe, rúnaí, garda patróil, fear dóiteáin, póilín, oibrí paraimíochaine. Bíodh eagrais ann mar scoileanna, Brídíní, Briogáid na nGasúr agus na nGirseach agus ullmhaigh caint don rang ar a thairbhí dóibh féin atá sé freastal ar na heagrais seo.

CULTÚIR AGUS TRAIDISIÚIN SA PHOBAL

Rúin Mholta Foghlama

- Ilchineálacht na ngrúpaí sa phobal a aithint agus meas a bheith agat orthu.
- A aithint go mbíonn traidisiúin, féilte agus ceiliúrthaí uathúil do chultúir éagsúla.
- Na heilimintí a theastaíonn don chómhaireachtáil shíochánta a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh eolas ar na grúpaí éagsúla cultúrtha sa phobal. Scríobh chuig grúpaí éagsúla ag iarraidh tuilleadh eolais. Tabhair cuireadh d'ionadaithe na ngrúpaí éagsúla cultúrtha agus cruthaigh taispeántas ag léiriú cultacha, bianna, nósanna agus caitheamh aimsire éagsúla. Más féidir, iarr ar bhaill teaghlaigh ó chultúir éagsúla labhairt ar nósanna, thraidisiúin, chosúlachtaí agus dhifríochtaí le grúpaí eile.

Déan féilire imeachtaí do ghrúpaí éagsúla cultúrtha le seasamh d'imeachtaí tábhachtacha sa bhliain. Faigh amach faoin dóigh a gceiliúrtar na himeachtaí seo agus úsáid damhsa, drámaíocht, scéalta agus filíocht le cuid acu a léiriú sa seomra ranga.

Úsáid bogearraí TFC mar 'MS Publisher' le cártaí beannachta a dhéanamh a léireodh cultúir éagsúla agus a n-imeachtaí.

Faigh amach faoi dhaoine clúiteacha a d'oibrigh le bacainní a leagan agus dea-chaidrimh a chothú idir chultúir éagsúla, mar shampla, Martin Luther King nó Nelson Mandela.

Úsáid fís-chomhdháil nó uirlis chumarsáide ar líne, léithéid ríomhphoist nó téacschomhdhála le teagmháil a dhéanamh le páistí ó thraidisiúin eile.

Úsáid bogearraí TFC mar 'Textease' le cód ranga a ullmhú le comhoibriú agus tuiscint idir páistí as cultúir agus traidisiúin éagsúla a chur chun cinn.

<u>Tabhair do d'aire le do thoil</u>
Le teacht ar ghníomaíochtaí eile déan tagairt do
Thematic Unit 'Being and Belonging' de chuid CCEA.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Áit a gCónaím

IONTAS AN DÚLRA

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar úsáid réimse áiseanna digiteacha agus traidisiúnta i gcomhair taighde.
- An tábhacht atá le heolas a thaifeadadh go córasach a thuiscint.
- A thuiscint go mbíonn príomhchéimeanna i saolré rudaí beo.
- A aithint go mbíonn éifeacht ag athruithe séasúracha ar roinnt rudaí beo.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid áiseanna traidisiúnta nó digiteacha mar 'Decisions 3' le léaráidí cinnidh do mhionainmhithe a thógáil i bhfearann na scoile, mar shampla, féileacáin. Taifead agus cuir in iúl mothuithe ag úsáid 'Softease' nó 'Information Workshop 2000' agus cuir i láthair na torthaí ag úsáid graf agus bileoga sonraí.

Fiosraigh saolréanna roinnt mionainmhithe agus ainmhithe eile a fhaightear sa cheantar.

Fiosraigh an gaol idir plandaí agus ainmhithe, mar shampla, beathú (neachtar), pailniú agus duaithníocht.

Úsáid bogearraí TFC mar 'Textease' le gearrthuairisc a tháirgeadh ar mhionainmhí roghnaithe (agus íomhánna digiteacha san áireamh).

Dear agus déan móibíl leis na torthaí a thaispeáint.

Cuir i gcodarsnacht le gnáthóg ab fhéidir nach mbeadh le fáil sa cheantar, mar shampla, san fharraige, sa ghaineamhlach, sna sléibhte nó sa dufair. Déan taighde ar ainmhí agus ar an dóigh ar oiriúnaigh sé do mhaireachtáil ina ghnáthóg.

Pléigh éifeacht na haimsire agus na séasúr ar fhiabheatha na háite, mar shampla, imirce agus geimhriú.

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- obair chréleice;
- breathnú foirgneamh áitiúil;
- fuaimeanna sa cheantar;
- fuaimphictiúir;
- ceol sa cheantar;
- drámaíocht.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- eagrais agus seirbhísí sa phobal;
- daonlathas áitiúil;
- cultúir agus traidisiúin;
- fanacht sábháilte.fe.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas;
- athrú le himeacht ama.

Corpoideachas

- treoleanúint i gceantar áitiúil;
- leanúint plean nó bealaigh shimplí;
- fanacht sláintiúil agus sábháilte.

FÓCAS

Is í an timpeallacht áitiúil atá a úsáid mar áis sa phlean teagaisc seo. Ligeann sí fiosruithe i gceisteanna áitiúla, san am a d'imigh agus anois, chomh maith le léargas ar an tionchar a oibríonn daoine daonna ar an timpeallacht fhisiciúil. Foghlaimíonn siad meas ar an difríocht agus ar thábhacht na comhthuisceana agus forbraíonn siad straitéisí dá sábháilteacht phearsanta féin.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

SIAR FEASTA

Rúin Mholta Foghlama

- An dóigh a dtarlaíonn athruithe le himeacht ama a thuiscint. Tábhacht na fianaise stairiúla a aithint.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse áiseanna traidisiúnta agus digiteacha a úsáid i gcomhair taighde.
- An tábhacht atá le heolas a thaifeadadh go córasach a thuiscint.
- Bheith in ann siombailí Suirbhéireachta Ordanáis a úsáid.
- Cuid de na difríochtaí a bhíonn i gceantair a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Lean conair sa cheantar ar a bhfuil pointí spéisiúla stairiúla.

Fiosraigh comhordanáidí le pointí a bhreacadh agus lean bealaí ar an léarscáil ag úsáid ocht n-airde an chompáis.

Úsáid léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis an cheantair ó thréimhsí éagsúla le hathruithe sa cheantar áitiúil a aithint, mar shampla, úsáid talaimh, tithíocht nó bóithre. Mol cúiseanna leis na hathruithe.

Cuir agallamh ar bhaill níos sine den phobal faoina gcuimhní ar an dóigh a mbíodh an saol. Bailigh fianaise, mar shampla, grianghraif nó léarscáileanna agus tóg amlíne den cheantar áitiúil.

Aithin agus taighid pointí suimiúla staire sa cheantar. Fiosraigh aon phríomhimeacht a d'imir tionchar ar an cheantar. Cruthaigh fístaispeánadh leis na torthaí a láithriú. Tuar faoin dóigh a mbeidh radharc ó fhuinneog an ranga i gceann 50 bliain agus taispeáin seo ag úsáid bogearraí TFC mar 'Colour Magic', 'Fresco' nó 'Designer'.

I ngrúpaí, pléigh na difríochtaí, dar libh, a bhainfeadh le cónaí ar Mars. Smaoinigh ar a dteastaíonn ó dhaoine daonna le maireachtáil beo agus arbh fhéidir go mbeadh na riachtanais seo le fáil ar Mars.

SA BHAILE AGUS I gCÉIN

Rúin Mholta Foghlama

- An próiseas deartha a thuiscint.
- Bheith eolach ar úsáid réimse áiseanna digiteacha agus traidisiúnta i gcomhair taighde.
- An tábhacht atá le heolas a thaifeadadh go córasach a thuiscint.
- An dóigh a mbímid idirspleách taobh istigh den domhan mór a thuiscint.
- A thuiscint go dtiocfadh leis an timpeallacht ina maireann daoine dul i bhfeidhm ar a stíleanna maireachtála.
- Bheith eolach ar chuid de na dóigheanna le léarscáileanna éagsúla a úsáid.

Gníomhaíochtaí Molta

Dear agus déan gléas le fearthainn a thomhas.

Breathnaigh an aimsir áitiúil agus tomhais agus taifead an teocht (tabhair i láthair coincheap uimhreacha diúltacha) agus an fhearthainn i milliméadair. Úsáid bogearraí TFC mar 'Informaton Workshop 2000', 'Number Box 2' nó 'Softease' le sonraí a thaifeadadh, a anailísiú agus a chur i láthair.

Roghnaigh tír le haeráid chodarsnach agus úsáid barrachairteacha traidisiúnta agus foinsí digiteacha le heolas a thaighde agus a láithriú (san áireamh, an tionchar a oibríonn aeráid ar dhearadh agus ar thógáil tithe sa tír sin agus éifeacht na haeráide ar bhia a tháirgtear sa tír sin).

Aithin réimse bianna agus táirgí a allmhairímid ó thíortha eile.

Tabhair cuairt ar larsmalann Uladh le deis theagmhálach a fháil le héagsúlacht na beatha san fhoraois bháistí a bhlaiseadh, san áireamh bia ó na foraoisí báistí. Pléigh na fáthanna a n-allmhairímid na hearraí seo. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht iad le bia a tháirgtear go háitiúil.

Aithin ó aerghrianghraif agus ó léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis úsáidí éagsúla talaimh sa cheantar. Taifead úsáid talaimh ag úsáid eochrach. Sórtáil cineálacha oibre sa cheantar áitiúil (san áireamh éagsúlacht na seirbhísí a sholáthraítear don cheantar) ag úsáid léaráidí Venn, crainn nó Carroll.

Roghnaigh tionscal nó seirbhís agus déan taighde níos mionsonraithe air, mar shampla, cé air a riarann siad, cá bhfaigheann siad a gcuid bunábhar nó cé hiad na daoine a oibríonn sa tionscal/tseirbhís seo.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Áit a gCónaím

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona

- obair chréleice;
- breathnú foirgneamh áitiúil;
- fuaimeanna sa cheantar;
- fuaimphictiúir;
- ceol sa cheantar;
- drámaíocht.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- eagrais agus seirbhísí sa phobal;
- daonlathas áitiúil;
- cultúir agus traidisiúin;
- fanacht sábháilte.fe.

An Domhan Thart Orainn

- áit;
- idirspleáchas;
- athrú le himeacht ama.

Corpoideachas

- treoleanúint i gceantar áitiúil;
- leanúint plean nó bealaigh shimplí;
- fanacht sláintiúil agus sábháilte.

FÓCAS

Is í an timpeallacht áitiúil atá a úsáid mar áis sa phlean teagaisc seo. Ligeann sí fiosruithe i gceisteanna áitiúla, san am a d'imigh agus anois, chomh maith le léargas ar an tionchar a oibríonn daoine daonna ar an timpeallacht fhisiciúil. Foghlaimíonn siad meas ar an difríocht agus ar thábhacht na comhthuisceana agus forbraíonn siad straitéisí dá sábháilteacht phearsanta féin.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

BEALAÍ AGUS CONAIRÍ

Rúin Mholta Foghlama

- An áit a bhfuil siad ar phlean nó ar léaráid a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh le taisteal le rath chuig agus ó rudaí agus áiteanna ar an talamh.
- Bheith in ann bealaí agus conairí a leanúint, á dtreoleanuínt féin le rath.

Gníomhaíochtaí Molta

Treoleanúint i bhfearann na scoile, i bpáirc nó in achar sa cheantar. Úsáid aithint comharthaí le rudaí a aimsiú ar líníocht nó ar léaráid. Cleacht coinneáil nó treoleanúint léaráide nó léarscáile. Taistil ó bhunáit go dtí rud agus ar ais arís. Lean de bhóthar agus aithin suíomh. Aithin achair áirithe taobh istigh den scoil a bheadh úsáideach mar mharcóirí treoleanúna. Pléigh na fáthanna, mar rang. Cleacht bunscileanna treoleanúna, sa seomra ranga agus i dtailte na scoile roimh chinneadh ar ghníomhaíochtaí treoleanúna i bpáirc sa cheantar nó ar achar i gceantar na scoile. Ag úsáid plean de thailte na scoile, déan aistear simplí go dtí gach gné marcáilte, treoshuigh an léarscáil agus taifead na torthaí ag gach pointe.

Siúil sa pháirc áitiúil nó san achar sábháilte, ag déanamh nóta den dóigh le haire a thabhairt don timpeallacht agus ag breacadh síos pointí oiriúnacha treoleanúna. Rith cúrsa gairid ar chosáin atá marcáilte go soiléir nó lean conair a taifeadadh roimh ré (tig seo a chríochnú i ngrúpaí).

ÁISEANNA Leathanach 1

Curaclam Thuaisceart Éireann

An Áit a gCónaím

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Microsoft Publisher
Slideshow or Powerpoint
Compose World Junior
Colour Magic, Fresco or Designer
Decisions 3
Information Workshop 2000
Number Box 2
Textease
Through My Window
Read and Write 4
Switch Clicker 4
Write Away!
Writer
Junior Viewpoint
Number Box 1
Number Magic

Suímh Ghréasáin Mholta

www.becta.org.uk/
www.oxfam.org.uk/coolplanet
www.ncs6.co.uk
www.timeforcitizenship.com
www.amnesty.org.uk
www.primaryresources.co.uk
www.savethechildren.org.uk
www.galaxy-h.gov.uk
www.roads.dft.gov.uk/roadsafety/hcyoung
www.streetwiseguys.co.uk
www.protectchild.co.uk
www.uahs.co.uk
www.naturegrid.org.uk/explore/index.html (includes Woodland Explorer)
www.bigpic.biz (One World Centre Citizenship website)
www.en.wikipedia.org/wiki/Roskilde
www.pages.zoom.co.uk/leveridge/vikship.html
www.britishorienteering.org.uk
www.niorienteering.org.uk

www.ga.wikipedia.org (Wikipedia i nGaeilge)

www.ceim.gaa.ie/menranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.makebeliefscomix.com/ (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)

www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → CEILIÚRAIMIS! (Fiosrú ar na féilte éagsúla i dTuaisceart Éireann)

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311
(Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callán Torann', 2.7 'Éist le hEolaíocht'

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/674/gaeilge/
(Físeán ar an 'Oireachtas')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/670/gaeilge/
(Físeán ar an 'Agallamh Beirte faoi 12')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/170/gaeilge/
(Físeán ar an 'An Comórtas Scéalaíochta, Oireachtas')

Áiseanna Digiteacha

Suímh Ghréasáin Mholta

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/93/gaeilge/ (Físeán ar 'La Trinidad Valencera' - long chogaidh de chuid Armada na Spáinne, amach ó chósta Dhún na nGall, sa bhliain 1588.)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/359/gaeilge/ (Físeán ar 'Oileán Thoraí')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/ (Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/ (Físeán ar Iontaobhas Spiorad Inis Ceithleann' – Iontaobhas a thugann Caitlicigh agus Protastúnaigh óga le chéile.)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/473/gaeilge/ (Físeán ar 'Taispeántas 'Irish at War' ' – in Iarsmalann Uladh)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/520/gaeilge/ (Físeán ar 'Turasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/ (Físeán ar 'Nollaig Brolly - ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/ (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/449/gaeilge/ (Físeán ar 'Bollaí Ard Mhacha')

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Being and Belonging,
CCEA, A Thematic Unit linked to 'Where I Live'

Planning for Progress in Art and Design
(Northern Ireland Education and Library Boards)

Music Box Songbook,
Barry Gibson (BBC Books:1987) ISBN: 0563213434

Music Through Topics for Infants Spiral Bound: An Activity Resource, Veronica Clark (Cambridge University Press:1990) ISBN: 0521348420

Explore Music Through Geography, David Wheway and Shelagh Thomson (Oxford University Press:1993) ISBN: 0193218720

Carousel Primary Music, Joan Child, Richard Crozier and Ken Storry (Ginn & Company:1995) ISBN: 0602263654

Lift Off - Introducing Human Rights Education within the Primary Curriculum Cross Border Primary Human Rights Education Initiative 2003, Age 8-10, (Amnesty:2003)

Finding the Griz, Brin Martin (NES Arnold: 1997)

Hunting the Griz, Brin Martin (NES Arnold: 1997)

Orienteering for the Curriculum: a Practical Guide, C. McNeill (Harveys: 1992)

Global Citizenship: The Handbook for Primary Teaching, Mary Young (Chris Kington Publishing:2002) ISBN: 1899857478

Citizenship Schemes of Work (QCA) www.standards.dfes.gov.uk

- Unit 4 - People who help us
- Unit 6 - Developing our school grounds
- Unit 8 - How do rules and laws affect me?
- Unit 9 - Respect for property
- Unit 10 - Local democracy for young citizens

National Children's Safety Books, Access Partnership (ring 08457413491 for more information)

Play Safe, Stay Safe, Keep Safe, Sarah Dunscombe (Access Partnership:1999) ISBN: 1903997062

Junior Citizen Handbook, Sarah Dunscombe (Access Partnership:1998) ISBN: 1903997070

Fire Safety at Home, Caroline Booth (WELB)

Skills for the Primary School Child Part 1: I am, I know, I can: Personal, Social and Health Education and Citizenship in the Primary School for children aged 5-11 (Tacade:2001)

Me and My Relationships, Carol Barnickle (Hopscotch Educational Publishing:2000) ISBN: 1902239547

Me as a Citizen, Carol Barnickle (Hopscotch Educational Publishing:2000) ISBN: 1902239466

Primary Values (CCEA:2001) (pps 38, 84, 158 & 191)

Something Else, Kathryn Cave and Chris Riddell (Puffin:1995) ISBN: 0140549072

Leon and Bob, Simon James
(Candlewick Press:2006) ISBN: 0763626864

Grace and Family, Mary Hoffman and Caroline Binch (Frances Lincoln Publishers:1997) ISBN:0711208697

'Woodlands provide a sustainable habitat', Yellow Woods Teachers Toolkit, www.yellow-woods.co.uk

Céim ar Chéim 13 - Turas Eoin,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130491

Déan Tuar Ceatha,
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130440

An Áit a gCónaím

Áiseanna Digiteacha

Leabhar/Áiseanna Teagaisc	Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)
Dialann Lus Gréine, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130718 **An Samhradh agus an Geimhreadh**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130416 **Daidí Áine**, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732748081 **Amelia Earhart**, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732748142 **An Stair Mórthimpeall Orm 3**, (An tÁisaonad: 2003) ISBN: 095472335X **An Stair Mórthimpeall Orm 5**, (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0954723333 **Sa Bhaile**, (An tÁisaonad: 2006) ISBN: 1857916263 **An Fhoraois Bháistí**, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732748224 **A Chara ón Todhchaí**, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732748151 **Iontas an Domhain**, (An tÁisaonad: 1999) **Eolaíocht Bhunscoile 1**, (An tÁisaonad: 2000) **Eolaíocht Bhunscoile 2**, (An tÁisaonad: 2000) **Le Linn na Lochlannach**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1898392587 **Sa Bhaile**, (An Gúm: 2000) ISBN: 978 1857916263 **Gach Dath Faoin Spéir**, (Futa Fata 2009) ISBN: 9780955098383	**Magical Musical Mystery Tour** – BBC – NI Education

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna Cuartaíochta
Cumann Cheol Tíre na hÉireann **Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh** **Albainis Uladh** cainteoirí/ceoltóirí cuairte – Willie Drennan, Charlie Gillen, Stephen Hall **RSPCA** **RNLI**	**Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh** **Iarsmalann Uladh**

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

An Áit a gCónaím

Curaclam Thuaisceart Éireann

Cur Le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Úsáid na Matamaitice

- Uimhreacha diúltacha a áireamh, a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs;
- Eolas ar cheist aitheanta a phlé agus a aimsiú;
- Bileog bailithe sonraí a chruthú le cuidiú agus a úsáid;
- Barrachairteacha ar aiseanna tugtha a éilíonn scálaí simplí a thógáil agus a lipéadú agus na torthaí a léirmhíniú;
- Sonraí i réimse dóigheanna, TFC san áireamh a thaifeadadh agus a láithriú agus cé acu léiriúchán is soiléire a léiríonn an t-eolas a phlé;
- TFC a úsáid le heolas a bhaineann leis an topaic a thaighde, a anailísiú agus a láithriú;
- Léaráid crann cinnteoireachta a úsáid le critéir thugtha le rudaí a shórtáil agus a aithint;
- Tabhairt i láthair, tomhas agus taifeadadh i milliméadair;
- Labhairt ar dhátaí tábhachtacha; Bheith eolach ar ocht n-airde an chompáis agus iad a úsáid;
- Comhordanáidi le pointí a bhreacadh a úsáid.

Cumarsáid

- Idéanna agus tuairimí a chur in iúl go soiléir;
- Tosú a nochtadh tuairimí ar an phróiseas a d'úsáid siad lena n-idéanna a fhorbairt;
- Labhairt faoin dóigh a gcuireann na céadfaí lenár dtuiscint d'imeachaí, d'atmaisféar agus de charachtair;
- Labhairt le muinín mhéadaitheach i réimse gnáthchásanna;
- Idéanna agus eolas oiriúnach don ábhar agus don chuspóir a thabhairt;
- Éisteacht le réimse is leithne ceisteanna agus iad a fhreagairt agus tosú a ghiniúint a gceisteanna féin i ngníomhaíochtaí leantacha;
- Feasacht a léiriú go mbíonn tuairimí éagsúla ann agus, le treoir an mhúinteora, féachaint le teacht ar réiteach ar thopaic a tugadh;
- Labhairt ar dhóigh struchtúrtha ag cloí leis an ábhar le freastal ar riachtanais lucht éisteachta agus cuspóra;
- Tosú a eagrú agus a mhúnlú cainte, ag déanamh ceangal idir idéanna;
- Ról a ghlacadh agus leanúint de;
- Teanga chuí a úsáid lena smaointeoireacht a mhíniú agus le hidéanna agus tuairimí a chosaint agus tacú leo;
- Labhairt agus éisteacht le daoine eile le hidéanna a ghiniúint agus a fhorbairt, agus le tógáil orthu;
- Cur leis an chomhrá ar dhóigh shoiléir oiriúnach a oireann don chuspóir agus don chás;
- Léamh ar shainchuspóirí le cuidiú i dtabhairt faoi thasc/ghníomhaíocht;
- Smaoineamh ar réimse féideartha foinsí le heolas a fháil agus a aimsiú;
- Príomhphointí téacs a aithint, ag roghnú agus ag úsáid eolas cuí;
- Tosú a fhorbairt tuairimí pearsanta agus féachaint le conclúidí a tharraingt;
- Léirbhríonna agus manaí i dtéacsanna a aithint agus a chur in iúl agus tosú bheith feasach de roinnt bríonna agus manaí intuigthe le linn tátal a bhaint agus déaduchtú a dhéanamh;
- Feasacht do straitéisí éagsúla a fhorbairt le heolas a aimsiú;
- Eolas a fuair/léigh siad a roinnt le daoine eile, mionsonraí tacaithe éigin san áireamh;
- An méid a d'fhoghlaim siad sa léitheoireacht agus tuilleadh eolais a d'fhéadfadh bheith úsáideach a phlé;
- Cuspóir an taisc a dhearbhú agus tosú a aithint an lucht éisteachta;
- Idéanna don scríbhneoireacht a ghiniúint agus a eagrú;
- Tosú a phleanáil níos neamhspleáiche agus a leagan amach céimeanna soiléire sna tascanna scríbhneoireachta;
- Foirm, stíl agus struchtúr (paragraif san áireamh) atá cuí a úsáid i dtreo an taisc, ag tosú a thabhairt lucht éisteachta san áireamh;
- Tosú a fhiosrú gnéithe éagsúla teanga agus láithrithe;
- Idéanna, tuairimí agus eolas a chur in iúl agus a eagrú go soiléir;
- Oibriú le páirtithe ranga ar thograí comhoibríocha;
- Eispéireas a ghaolú agus féachaint le machnamh go neamhspleách ar idéanna, smaointe, mhothuithe agus shamhlaithe.

Cur Le Forbairt Scileanna

Úsáid TFC

- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna tugtha digiteacha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Eolas/sonraí a thacódh le topaic a thaighde, a bhailiú, a eagrú, a láithriú agus a anailísiú ag úsáid réimse foinsí agus áiseanna digiteacha;
- Obair a chruthú agus a athdhréachtú ag comhcheangal téacs, fuaime agus/nó grafaicí á láithriú agus á cur in iúl ar dhóigheanna éagsúla a léiríonn feasacht do lucht éisteachta agus do chuspóir;
- Sraith treoracha a dhéanamh agus a eagrú le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha;
- Fadhbanna a fhuascailt le fiosrú, tástáil agus leasú ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

Smaointeoireacht, Fadhbreíteach: Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

Bheith Cruthaitheach: Glacadh ama le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

Ag obair le Daoine Eile: Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumais foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna daoine eile.

Féin-Bhainistiú: A sheiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus gné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning